2024/1364

17.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1364 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2024

maidir leis an gcéad chéim de scéim rátála chomhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú do lárionaid sonraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 ([1]), go háirithe Airteagal 33(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2023/1791 tugtar aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh trí spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a leagan síos ar leibhéal an Aontais agus trí chreat coiteann beart a bhunú chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn laistigh den Aontas. Thairis sin, is é is aidhm do Threoir (AE) 2023/1791 rannchuidiú le geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach san Aontas, lena n-áirítear rannchuidiú trí scéim chomhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú chun inbhuanaitheacht na lárionad sonraí a rátáil.

(2) Tá earnáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ag éirí níos tábhachtaí ó thaobh tomhaltas fuinnimh de. Meastar go mbeidh éileamh 3,2 % d'éileamh iomlán an Aontais ar leictreachas in éileamh leictreachais na lárionad sonraí faoi 2030, sin méadú 28 % ó bhí 2018 ann ([2]). Cuireadh i dtábhacht i Straitéis Dhigiteach an Aontais ([3]) an gá atá le lárionaid sonraí atá thar a bheith tíosach ar fhuinneamh agus inbhuanaithe agus iarradh inti bearta trédhearcachta le haghaidh oibreoirí teileachumarsáide maidir lena lorg comhshaoil.

(3) De bhun Airteagal 12 de Threoir (AE) 2023/1791, ní mór do na Ballstáit a cheangal ar úinéirí agus ar oibreoirí lárionad sonraí an fhaisnéis maidir lena lárionaid sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin a chur ar fáil go poiblí.

(4) I scéim chomhchoiteann an Aontais, ba cheart na heochairtháscairí feidhmíochta agus an mhodheolaíocht chun iad a thomhas a leagan amach agus ba cheart táscairí inbhuanaitheachta lárionaid sonraí a bhunú ar bhonn na faisnéise sin agus na n-eochairtháscairí feidhmíochta sin.

(5) Ba cheart an reachtaíocht, na tionscnaimh agus na caighdeáin atá ann cheana in earnáil na lárionad sonraí a chur san áireamh agus na heochairtháscairí feidhmíochta agus na táscairí inbhuanaitheachta á mbunú.

(6) Sainítear sa Rialachán seo gurb iad oibreoirí an lárionaid sonraí na heintitis tuairiscithe. Ba cheart d'oibreoir lárionaid sonraí an fhaisnéis riachtanach agus na heochairtháscairí feidhmíochta do lárionad sonraí a chur ar fáil don phobal agus a chur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach is cuma cé acu a chomhdhéantar an lárionad sonraí sin as struchtúr amháin nó grúpa struchtúr. Ba cheart d'oibreoir lárionaid sonraí tacar faisnéise ar leith agus eochairtháscairí feidhmíochta a chur ar fáil don phobal agus a chur in iúl don bhunachar sonraí le haghaidh gach lárionaid sonraí a bhfuil suíomh fisiciúil éagsúil aige fiú má tá na lárionaid sonraí sin suite i gcríoch an Bhallstáit chéanna.

([1]) IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj.
([2]) Teachtaireacht an 9 Márta 2021 dar teideal '*2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade*' [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití] (COM(2021) 118 final).
([3]) Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj).

(7) Tuigtear gurb é is páirc nó campas ionaid sonraí ann saoráid ina bhfuil níos mó ná lárionad sonraí amháin. Sa chás sin, ba cheart d'oibreoir gach lárionaid sonraí tacar faisnéise ar leith agus eochairtháscairí feidhmíochta a chur ar fáil don phobal agus a chur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach i gcás gach lárionaid sonraí sa tsaoráid.

(8) Chun scéim an Aontais a bhunú chun inbhuanaitheacht na lárionad sonraí a rátáil, is gá sonraí a bhailiú maidir lena n-inbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, ba cheart sásra tuairiscithe do lárionaid sonraí a bhunú ina sonrófar an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta ba cheart a thuairisciú chomh maith leis na modheolaíochtaí chun faireachán agus tomhas a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin agus ar na táscairí sin.

(9) De bhun Iarscríbhinn VII, pointe (c), a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791, tá na heochairtháscairí feidhmíochta le tomhas a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh, úsáid cumhachta, pointí socraithe teochta, úsáid dramhtheasa, úsáid uisce agus úsáid fuinnimh in-athnuaite lárionad sonraí.

(10) Chun tuairisciú aonfhoirmeach agus infhaighteacht na sonraí tuairiscithe don phobal i bhfoirm chomhiomlánaithe a áirithiú, agus chun an t-eolas cuí a chur ar fáil ar mhaithe leis an anailís a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na sonraí, tá bunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí le bunú ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir (AE) 2023/1791. Ionas gur féidir le lárionaid sonraí an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta a chur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach, ba cheart do na lárionaid sonraí sin foráil a dhéanamh maidir le comhéadan úsáideora coiteann chomh maith le comhéadan feidhmchláir coiteann.

(11) Ba cheart do lárionaid tuairiscithe sonraí a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an rialachán tarmligthe seo a chur isteach sa bhunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí. Ba cheart an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta a úsáid chun bonn a sholáthar don phleanáil agus don chinnteoireacht thrédhearcach bunaithe ar fhianaise a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún, agus chun measúnú a dhéanamh ar phríomhghnéithe áirithe de lárionad sonraí inbhuanaithe, lena n-áirítear a éifeachtúla a úsáideann sé fuinneamh, an méid den fhuinneamh sin a thagann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, athúsáid aon dramhtheasa a tháirgeann sé, éifeachtacht an fhuaraithe agus úsáid uisce. Chuige sin, ba cheart an chéad tacar de tháscairí inbhuanaitheachta lárionaid sonraí a leagan amach, bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar eochairtháscairí feidhmíochta a thuairiscítear.

(12) De bhun Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2023/1719, níor cheart faisnéis na lárionad sonraí atá faoi réir dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta lena gcosnaítear rúin trádála agus ghnó agus rúndacht a chur ar fáil go poiblí. Ceanglaítear le hAirteagal 12(3) freisin go mbeidh an bunachar sonraí Eorpach ar fáil go poiblí ar leibhéal comhiomlánaithe. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go gcoinneofar na heochairtháscairí feidhmíochta agus an fhaisnéis eile a thuairiscítear don bhunachar sonraí Eorpach faoi rún.

(13) Rinne an Coimisiún staidéar, go háirithe maidir leis an ngá atá le scéim tuairiscithe maidir le feidhmíocht fuinnimh agus inbhuanaitheacht lárionad sonraí, chun comhchóras rátála an Aontais a bhunú, inar sainaithníodh na príomhghnéithe lenar cheart raon feidhme an tuairiscithe ar fheidhmíocht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht lárionad sonraí a shainiú.

(14) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus le hionadaithe na mBallstát agus bhailigh sé fianaise, barúlacha agus dea-chleachtais maidir leis an raon feidhme, na heilimintí, an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta ba cheart a áireamh i scéim rátála chomhchoiteann an Aontais.

(15) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 34 de Threoir (AE) 2023/1791S, agus bhailigh sé barúlacha maidir leis an raon feidhme, na heilimintí, an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta ba cheart a áireamh i scéim rátála chomhchoiteann an Aontais.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar amach sa Rialachán seo an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta atá le cur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach ag oibreoirí lárionad sonraí ag a bhfuil éileamh cumhachta na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil dar mhéid 500 kW ar a laghad agus atá riachtanach chun scéim chomhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú chun inbhuanaitheacht na lárionad sonraí san Aontas a rátáil, agus le haghaidh modheolaíocht choiteann tomhais agus ríofa. Sainítear ann freisin na chéad táscairí inbhuanaitheachta lárionaid sonraí a ríomhfar bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na heochairtháscairí feidhmíochta a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘lárionad sonraí fiontair’ lárionad sonraí arna oibriú ag fiontar, agus arb é an t-aon chuspóir atá leis riachtanais teicneolaíochta faisnéise an fhiontair a chomhlíonadh agus a bhainistiú;

(2) ciallaíonn ‘lárionad sonraí comhshuímh’ lárionad sonraí ina ndéanann custaiméir amháin nó níos mó a líonra nó a líonraí féin, freastalaithe agus trealamh stórála agus seirbhísí a shuiteáil agus a bhainistiú;

(3) ciallaíonn ‘lárionad sonraí comhóstála’ lárionad sonraí ina dtugtar rochtain do chustaiméir amháin nó níos mó ná sin ar líonra nó líonraí, freastalaithe, agus trealamh stórála ar a n-oibríonn siad a gcuid seirbhísí agus feidhmchlár féin agus ina soláthraíonn oibreoir an lárionaid sonraí trealamh teicneolaíochta faisnéise agus bonneagar tacaíochta an fhoirgnimh araon mar sheirbhís;

(4) ciallaíonn ‘oibreoir lárionaid sonraí fiontair’ duine fisiceach nó dlítheanach a bhainistíonn an lárionad sonraí fiontair ar fad, lena n-áirítear an foirgneamh agus úsáid na seirbhísí teicneolaíochta faisnéise arna soláthar;

(5) ciallaíonn ‘oibreoir lárionaid sonraí comhshuímh’ duine fisiceach nó dlítheanach a bhainistíonn agus a dhíolann spás, slándáil, rochtain ar an líonra, cumhacht agus acmhainneacht fuaraithe sa lárionad sonraí comhshuí ar fad le custaiméir amháin nó níos mó ná sin a shuiteálann agus a bhainistíonn a líonra nó a líonraí féin, freastalaithe agus trealamh stórála agus seirbhísí;

(6) ciallaíonn ‘oibreoir lárionaid sonraí comhóstála’ duine fisiceach nó dlítheanach a bhainistíonn spás an lárionaid sonraí comhóstála, an tslándáil, an rochtain ar an líonra, cumhacht, fuarú, líonra nó líonraí, freastalaithe, agus trealamh stórála, agus cuid de na bogearraí is gá chun seirbhísí teicneolaíochta faisnéise a sholáthar do chustaiméir amháin nó níos mó ná sin, lena n-áirítear seachfhoinsiú teicneolaíochta faisnéise;

(7) ciallaíonn ‘oibreoir lárionaid sonraí’ oibreoir lárionaid sonraí fiontair, oibreoir lárionaid sonraí comhshuímh nó oibreoir lárionaid sonraí comhóstála;

(8) ciallaíonn ‘custaiméir comhshuímh’ duine fisiceach nó dlítheanach ar leis agus a bhainistíonn líonra, freastalaí agus trealamh stórála amháin nó níos mó ná sin agus atá lonnaithe in lárionad sonraí comhshuímh ina gceannaíonn sé spás bainistithe, cumhacht agus acmhainneacht fuaraithe;

(9) ciallaíonn ‘custaiméir comhóstála’ duine fisiceach nó dlítheanach a fhaigheann rochtain ar líonra nó ar líonraí, ar fhreastalaithe, agus ar threalamh stórála i lárionad sonraí comhóstála ina n-oibríonn siad a gcuid seirbhísí agus feidhmchlár féin;

(10) is éard is ‘seachfhoinsiú teicneolaíochta faisnéise’ ann soláthraithe seirbhíse seachtracha a úsáid chun próisis ghnó, seirbhísí feidhmchláir agus réitigh bhonneagair atá cumasaithe ag teicneolaíocht faisnéise a sholáthar le haghaidh torthaí gnó;

(11) ciallaíonn ‘achar urláir iomlán an lárionaid sonraí’ achar urláir iomlán urláir uile an struchtúir nó an ghrúpa struchtúr lena gcomhdhéantar an lárionad sonraí;

(12) ciallaíonn ‘achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí’ an t-achar urláir iomlán laistigh den lárionad sonraí ina gcoimeádtar an trealamh próiseála sonraí, stórála sonraí agus teileachumarsáide trína gcuirtear seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an lárionaid sonraí ar fáil;

(13) ciallaíonn ‘iomarcaíocht lárionaid sonraí’ dúbláil a dhéanamh ar thacair áirithe comhpháirteanna nó feidhmeanna lárionaid sonraí ar bhealach ar leith ionas gur féidir, i gcás ina dteipeann ar thacar amháin nó inar ghá é a chur as ar mhaithe lena chothabháil, gur féidir leis an tacar eile nó leis na tacair eile teacht i gcomharba air;

(14) ciallaíonn ‘éileamh cumhachta na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil’ suim an éilimh ainmniúil cumhachta, in kW, den líonra nó de na líonraí, de na freastalaithe agus den trealamh stórála atá suiteáilte in achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí;

(15) ciallaíonn ‘lód teicneolaíochta faisnéise rátaithe’ an lód uasta ar an líonra nó ar na líonraí, ar na freastalaithe agus ar an trealamh stórála, atá suiteáilte ar achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, ar féidir le bonneagar an lárionaid sonraí le haghaidh dáileadh cumhachta agus rialú comhshaoil a láimhseáil agus an infhaighteacht seirbhíse inmhianaithe á cur ar fáil ag an am céanna.

Airteagal 3

Sásra tuairiscithe le haghaidh inbhuanaitheacht na lárionad sonraí

1. Faoin 15 Meán Fómhair 2024, ansin faoin 15 Bealtaine 2025, agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh oibreoirí lárionad sonraí tuairiscithe an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II maidir leis an lárionad sonraí a oibríonn siad féin a chur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach. Déanfar an fhaisnéis sin agus eochairtháscairí feidhmíochta a chur in iúl don bhunachar sonraí Eorpach trí scéim tuairiscithe náisiúnta má tá scéim den sórt sin bunaithe ag an mBallstát ina bhfuil an lárionad sonraí tuairiscithe suite. Ina mhalairt de chás, cuirfidh oibreoirí lárionaid sonraí an fhaisnéis sin agus eochairtháscairí feidhmíochta in iúl go díreach don bhunachar sonraí Eorpach.

Leis an bhfaisnéis agus leis na heochairtháscairí feidhmíochta, cumhdófar an bhliain féilire díreach roimh an mbliain tuairiscithe. I gcás ina bhfuil lárionad sonraí tuairiscithe ag feidhmiú ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin, ní thuairisceoidh oibreoir an lárionaid sonraí ach amháin ar feadh na tréimhse ina raibh an lárionad sonraí i bhfeidhm, agus tabharfaidh sé le fios freisin cén tréimhse é sin.

2. I gcás na chéad tréimhse tuairiscithe, mura féidir le hoibreoir lárionaid sonraí faireachán a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointí 1(d), 1(e), 1(h)-(l), agus 1(o)-(r), ná na heochairtháscairí feidhmíochta sin a bhailiú, ar chúiseanna teicniúla, féadfaidh oibreoir an lárionaid sonraí an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár ach na cúiseanna gur fágadh ar lár í a mhíniú.

3. I gcás an dá thréimhse tuairiscithe tosaigh, mura féidir le hoibreoir lárionaid sonraí comhshuímh faireachán a dhéanamh ar na sonraí is gá agus iad a bhailiú chun na heochairtháscairí feidhmíochta dá dtagraítear i bpointí 2(a) agus 2(b) d’Iarscríbhinn II a ríomh go leordhóthanach, déanfaidh sé céatadán d’achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí a chumhdaítear leis an bhfaisnéis a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí Eorpach a mheas agus a léiriú.

Féadfaidh oibreoirí lárionaid sonraí comhshuímh na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bhailiú óna gcustaiméirí comhshuímh, más gá, trí shásra tuairiscithe inmheánach anaithnid a chur ar bun.

4. Má áirítear custaiméirí comhóstála agus comhshuímh araon i lárionad sonraí tuairiscithe, beidh feidhm ag mír 2 agus ag mír 3 den Airteagal seo dá réir sin.

Airteagal 4

Táscairí inbhuanaitheachta lárionaid sonraí

Leagtar amach táscairí inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí agus an mhodheolaíocht chun iad a ríomh in Iarscríbhinn III.

Airteagal 5

Bunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí

1. Cuirfidh an bunachar sonraí Eorpach comhéadan úsáideora coiteann i bhfeidhm chomh maith le comhéadan feidhmchláir coiteann lena n-áiritheofar go mbeidh gach lárionad sonraí tuairiscithe in ann an fhaisnéis agus na heochairtháscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a chur in iúl ar an mbealach céanna.

2. Déanfar an fhaisnéis, agus eochairtháscairí feidhmíochta, a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí Eorpach, agus táscairí inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí, i gcomhréir le hIarscríbhinn III, a phoibliú ar bhealach comhiomlánaithe, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.

3. Beidh rochtain ag na Ballstáit ar an bhfaisnéis uile agus ar na heochairtháscairí feidhmíochta a chuireann lárionaid sonraí ina gcríoch in iúl don bhunachar sonraí Eorpach de bhun Airteagal 3.

4. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis uile agus ar na heochairtháscairí feidhmíochta a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí Eorpach de bhun Airteagal 3.

5. Coinneoidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis uile agus na heochairtháscairí feidhmíochta uile le haghaidh lárionaid sonraí aonair a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí de bhun Airteagal 3. Measfar faisnéis den sórt sin a bheith ina faisnéis rúnda a dhéanann difear do leasanna tráchtála oibreoirí agus úinéirí lárionad sonraí i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus i gcomhréir le hAirteagal 4(2)(d) de Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol.

6. Is féidir na sonraí comhiomlánaithe a bhailítear faoin Rialachán seo a athúsáid le haghaidh staitisticí Eorpacha i gcomhréir leis na prionsabail a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

([5]) Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/4/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS ATÁ LE CUR IN IÚL DON BHUNACHAR SONRAÍ EORPACH MAIDIR LE LÁRIONAID SONRAÍ

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas in iúl don bhunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí:

1. **Faisnéis faoin lárionad sonraí tuairiscithe**

(a) *Lárionad sonraí*, is é sin an t-ainm a úsáidtear chun an lárionad sonraí tuairiscithe a shainaithint agus chun tuairisc a thabhairt air.

(b) *Úinéir agus oibreoir an lárionaid sonraí* lena n-áirítear ainm agus sonraí teagmhála úinéir agus oibreoir an lárionaid sonraí tuairiscithe.

(c) *Suíomh an lárionaid sonraí*, is é sin Cód an Aonaid Riaracháin Áitiúil (cód ARÁ) ina bhfuil suíomh an lárionaid sonraí tuairiscithe (foirgneamh nó suíomh) arna shloinneadh i gcomhréir leis na táblaí ARÁ is déanaí a d'fhoilsigh Eurostat.

(d) *An cineál lárionaid sonraí*, is é sin an cineál lárionaid sonraí tuairiscithe a mheaitseálann príomhoibríocht an lárionaid sonraí tuairiscithe, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar lárionad sonraí agus leis na sainmhínithe ar gach cineál lárionad sonraí a leagtar amach sa Rialachán seo.

Is féidir leis an gcineál lárionaid sonraí tuairiscithe ceann de na luachanna 'lárionad sonraí fiontair', 'lárionad sonraí comhshuímh' nó 'lárionad sonraí comhóstála' a ghlacadh, in éineacht le ceann de na luachanna 'struchtúr' nó 'grúpa struchtúr'.

Má thairgeann lárionad sonraí comhshuímh seirbhísí comhóstála freisin nó má thairgeann lárionad sonraí comhóstála seirbhísí comhshuímh freisin, léireofar é sin.

(e) *Bliain agus mí an teacht i bhfeidhm*, is iad sin an bhliain féilire agus an mhí inar thosaigh an lárionad sonraí tuairiscithe ag soláthar seirbhísí teicneolaíochta faisnéise.

2. **Faisnéis maidir le hoibriú an lárionaid sonraí tuairiscithe**

Soláthróidh oibreoir lárionaid sonraí gach lárionaid sonraí tuairiscithe an fhaisnéis seo a leanas:

(a) leibhéal iomarcaíochta an bhonneagair leictrigh ar leibhéal ardvoltais/ar leibhéal ísealvoltais (ailíniú)/ar leibhéal raca;

(b) leibhéal iomarcaíochta an bhonneagair fuaraithe ar leibhéal an tseomra/ar leibhéal raca.

Maidir leis na leibhéil iomarcaíochta, má léiríonn 'N' líon bonnlíne na gcomhpháirteanna nó na bhfeidhmeanna chun na gnáthchoinníollacha a chomhlíonadh, sloinnfear iomarcaíocht i gcomparáid leis an mbonnlíne sin 'N', mar shampla 'N+ 1', 'N+ 2', '2N', etc. Is féidir feidhm a bheith ag iomarcaíocht saoráide maidir le suíomh iomlán (suíomh cúltaca), córais nó comhpháirteanna. Tharlódh go mbaineann iomarcaíocht teicneolaíochta faisnéise le crua-earraí agus le bogearraí.

IARSCRÍBHINN II

EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA A BHFUIL FAIREACHÁN LE DÉANAMH ORTHU, ATÁ LE BAILIÚ AGUS LE CUR IN IÚL DON BHUNACHAR SONRAÍ EORPACH MAIDIR LE LÁRIONAID SONRAÍ AGUS NA MODHEOLAÍOCHTAÍ TOMHAIS

I gcás gach faireacháin, coinneoidh oibreoirí lárionaid sonraí taifead ar na pointí tomhais agus ar na feistí tomhais a úsáidtear, ar feadh tréimhse deich mbliana ar a laghad.

Déanfar faireachán ar na heochairtháscairí feidhmíochta seo a leanas, baileofar iad agus cuirfear in iúl iad don bhunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí:

1. **táscairí fuinnimh agus inbhuanaitheachta**

(a) *Éileamh cumhachta na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil* (‘PD_{IT}’, in kW), mar a shainítear in Airteagal 2. I gcás ina bhfuil athrú tagtha ar éileamh cumhachta na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil le linn na tréimhse tuairiscithe, úsáidfear meán ualaithe.

I gcás nach féidir éileamh cumhachta na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil a chinneadh, is féidir éileamh cumhachta rátaithe theicneolaíocht faisnéise an lárionaid sonraí (in kW) a úsáid, mar a shainítear in Airteagal 2. I gcás ina bhfuil athrú tagtha ar éileamh cumhachta rátaithe theicneolaíocht faisnéise an lárionaid sonraí le linn na tréimhse tuairiscithe, úsáidfear meán ualaithe.

Léireoidh an lárionad sonraí tuairiscithe cén mhéadracht a úsáideann sé chun é a thuairisciú;

(b) *Achar urláir iomlán an lárionaid sonraí* (‘S_{DC}’, i méadair chearnacha).

Má tá príomhfheidhm éagsúil ag an struchtúr ina bhfuil an lárionad sonraí (mar shampla foirgneamh oifigí), ní mór an luach S_{DC} a theorannú do shuim an achair urláir ina bhfuil seomra nó seomraí ríomhaireachta an lárionaid sonraí agus an t-achar urláir ina bhfuil an trealamh is gá chun an lárionad sonraí a oibriú mar is ceart.

Má fhónann an trealamh sin d’fheidhmeanna eile an struchtúir (mar shampla, comhchóras fuaraithe don struchtúr ina iomláine), úsáidfear céatadán den achar urláir a áitíonn trealamh den sórt sin lena léirítear éileamh cumhachta rátaithe sheomra nó sheomraí ríomhaireachta an lárionaid sonraí chun an fhomhír roimhe seo a ríomh.

Má tá struchtúr amháin sa lárionad sonraí, is é achar urláir an struchtúir sin a bheidh sa luach S_{DC}.

Má tá grúpa struchtúr sa lárionad sonraí, is é a bheidh sa luach S_{DC} suim achar urláir na struchtúr go léir;

(c) *Achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí* (‘S_{CR}’, i méadair chearnacha).

Má tá grúpa struchtúr sa lárionad sonraí, is é a bheidh sa luach S_{CR} suim achar urláir an tseomra ríomhaire i ngach struchtúr;

(d) *Tomhaltas iomlán fuinnimh* (‘E_{DC}’, in kWh) an lárionaid sonraí tuairiscithe, déanfar é a thomhas mar a shainmhínítear de réir chaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-2 nó a choibhéis, agus úsáidfear modheolaíocht an chaighdeáin sin.

Áirítear leis an tomhaltas iomlán fuinnimh úsáid leictreachais, breoslaí agus foinsí eile fuinnimh a úsáidtear le haghaidh fuarú.

Déanfar an méid E_{DC} a thagann ó ghineadóirí cúltaca (E_{DC-BG}, in kWh) a thomhas ar leithligh.


Déanfar an tomhaltas iomlán fuinnimh a thomhas ag ionchur chóras an lárionaid sonraí roimh an lascthrealamh aistrithe soláthair. Socrófar na pointí tomhais ag an soláthar príomhúil agus tánaisteach fuinnimh agus ag gach soláthar breise, mar shampla, giniúint chúltaca.

I gcás comhghiniúna nó fuaraitheora ionsúcháin, má tá sé inmheánach sa chóras, beidh an pointe tomhais ag ionchur an chomhghiniúna nó an fhuaraitheora ionsúcháin, lena dtomhaisfear an breosla a ídeofar. Más seachtrach don chóras é, i gcás comhghiniúna, beidh na pointí tomhais ag na haschuir leictreachais agus teasa, agus i gcás an fhuaraitheora ionsúcháin, beidh an pointe tomhais ag an aschur fuaraithe;

(e) *Tomhaltas iomlán fuinnimh an trealaimh teicneolaíochta faisnéise* ('E_{IT}', in kWh), déanfar é a thomhas i gcomhréir le modheolaíocht chatagóir 1 chun PUE a leagtar amach i gcaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-2 nó a choibhéis a ríomh. Déanfaidh lárionaid sonraí an tomhaltas fuinnimh bliantúil comhcheangailte a thomhas ag gach córas dobhriste cumhachta (UPS) atá nasctha le trealamh teicneolaíochta faisnéise an lárionaid sonraí.

I gcás lárionaid sonraí nach bhfuil UPS acu, mar shampla, lárionaid sonraí lena mbaineann sruth díreach, is féidir E_{IT} a thomhas ag an aonad dáilte cumhachta (PDU) atá nasctha le trealamh teicneolaíochta faisnéise an lárionaid sonraí, nó i gcomhréir le modheolaíocht chatagóir 2 chun PUE a leagtar amach i gcaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-2 a ríomh, nó ag pointe tomhais a shonróidh na lárionaid sonraí.

Figure 1 léiríonn sé scéimre ginearálta de phointí faireacháin agus tomhais i lárionad sonraí, ina léirítear suíomhanna tomhais don tomhaltas fuinnimh iomlán agus do thomhaltas iomlán an trealaimh teicneolaíochta faisnéise;



Fíor 1

Tomhaltas fuinnimh a thomhas


(f) *Feidhmeanna eangaí leictrí*, is iadsan an fhaisnéis maidir le cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn an lárionad sonraí aon fheidhm a thacaíonn le cobhsaíocht, iontaofacht agus athléimneacht na heangaí leictrí, amhail aistriú buaicéilimh nó freagairt dhocht minicíochta (FFR);

(g) *Meánacmhainn ceallra* ('C_{BtG}', in kW), is é sin meánacmhainn cheallraí an lárionaid sonraí a tairgeadh don eangach trí mhargadh ábhartha nó trí chonarthaí ábhartha le haghaidh feidhmeanna eangaí leictrí;

(h) *Ionchur iomlán uisce* ('W_{IN}', i méadair chiúbacha), déanfar é a thomhas mar a shainmhínítear i gcaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-9, WUE Catagóir 2, agus an mhodheolaíocht a leagtar amach sa chaighdeán sin á húsáid, nó mura bhfuil sé sin indéanta, úsáidfear an mhodheolaíocht a leagtar amach i gCatagóir 1, nó caighdeán coibhéiseach. Tomhaisfidh lárionaid sonraí na toirteanna uisce uile a théann isteach i dteorainn an lárionaid sonraí agus a úsáidtear i ndáil le feidhmeanna an lárionaid sonraí lena n-áirítear feidhmeanna comhshaoil, cumhachta, slándála agus teicneolaíochta faisnéise.

Léireoidh an lárionad sonraí tuairiscithe cén Chatagóir WUE a úsáideann sé dá thuairisciú.

Figure 2 léiríonn sé scéimre ghinearálta de phointí faireacháin agus tomhais i lárionad sonraí, lena n-áirítear suíomhanna tomhais le haghaidh E_{RES-OS}, W_{IN}, agus E_{REUSE};



Fíor 2

Ionchur uisce agus dramhtheas a athúsáideadh a thomhas

(i) *Ionchur iomlán uisce inólta* ('W_{IN-POT}', i méadair chiúbacha), déanfar é a thomhas de réir mar a shainmhínítear i gcaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-9, WUE Catagóir 1 agus úsáidfear an mhodheolaíocht a leagtar amach sa chaighdeán sin, nó a choibhéis. Tomhaisfidh na lárionaid sonraí gach foinse uisce inólta a iontrálann teorainn an lárionaid sonraí agus a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna lárionaid sonraí lena n-áirítear feidhmeanna comhshaoil, cumhachta, slándála agus teicneolaíochta faisnéise;

Má tá feidhm phríomhúil éagsúil ag an struchtúr ina bhfuil an lárionad sonraí, ní mór luachanna W_{IN} agus W_{IN-POT} a theorannú don uisce a úsáideann an trealamh (nó a mheastar é a bheith úsáidte) i seomra ríomhaireachta nó i seomraí ríomhaireachta an lárionaid sonraí agus a úsáideann an trealamh is gá chun an lárionad sonraí a oibriú.

(j) *Dramhtheas arna athúsáid* ('E_{REUSE}', in kWh), déanfar é a thomhas mar a shainítear i gcaighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-6, agus úsáidfear an mhodheolaíocht a leagtar amach sa chaighdeán sin, nó a choibhéis. Tomhaisfidh na lárionaid sonraí an teas a úsáidtear nó a athúsáidtear lasmuigh de theorainn an lárionaid sonraí, agus a úsáidtear in ionad an fhuinnimh a theastaíonn go páirteach nó go hiomlán lasmuigh de theorainn an lárionaid sonraí.


Is gné lárnach é teorainneacha an lárionaid sonraí a shainiú chun an táscaire sin a thomhas go rathúil, ós rud é nach gcomhairtear ach fuinneamh atá á athúsáid lasmuigh de theorainneacha an lárionaid sonraí. Figure 2 cuireann sé scéim ar fáil chun teorainneacha an lárionaid sonraí a shocrú, a dtugtar tuairisc orthu de réir na himlíne, na spásanna agus an trealaimh a chuimsítear ann.

Déanfar fuinneamh athúsáidte a thomhas ag teorainn an lárionaid sonraí ag an bpointe ag a bhfuil an fuinneamh a sholáthraítear tugtha ar láimh le húsáid ag an bpáirtí eile.

Má dhéantar cuid den dramhtheas a athúsáid chun an lárionad sonraí a fhuarú, ní mór an chuid sin a dhealú ón dramhtheas athúsáidte, is é sin le rá, sciar ráta sreafa an leachta fuaraithe a úsáidtear sa lárionad sonraí a dhealú;

(k) *Meánteocht dramhtheasa* ('T_{WH}', i gcéim Celsius), déanfar é a thomhas mar theocht an leachta a úsáidtear chun an trealamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i seomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí a fhuarú, agus é meánaithe thar an mbliain, agus trasna gach pointe tomhais.

Tomhaistear an teocht dramhtheasa ag an bpointe a théann an leacht téite isteach sa teasmhalartóir/sna teasmhalartóirí ag teorainn sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí (Fíor 3). I gcás lárionaid sonraí a bhfuil aisghabháil teasa acu, is é sin ag an malartóir aisghabhála teasa. Mura bhfuil aon aisghabháil teasa ann, déanfar an tomhas ag gach teasmhalartóir ag teorainn sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí trína n-iompraítear teas ón trealamh teicneolaíochta faisnéise;



Fíor 3

Teocht dramhtheasa a thomhas

(l) *Meánteocht aeir iontógála phointe socraithe an trealaimh teicneolaíochta faisnéise* ('T_{IN}', i gcéim Celsius), déanfar é a thomhas mar mheánteocht pointe socraithe i ngach seomra ríomhaireachta lárionaid sonraí, agus é socraithe mar ordú pointe socraithe chuig an gcóras fuaraithe a úsáidtear le haghaidh an trealaimh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i seomraí ríomhaireachta an lárionaid sonraí agus an t-ordú pointe socraithe sin meánaithe thar thréimhse na bliana.

(m) *Na cineálacha cuisneán* a úsáidtear i dtrealamh fuaraithe agus aerchóirithe achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, inarb é gach cineál cuisneáin ainm coitianta nó ainmniú tionsclaíoch an chuisneáin i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(n) *Laethanta céime fuaraithe* ('CDD', i laethanta céime), cinnfear iad mar líon na laethanta céime fuaraithe ag suíomh an lárionaid sonraí tuairiscithe le linn na bliana féilire deiridh, trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a d'úsáid Eurostat agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ([2]) nó a choibhéis ([3]), agus ag a bhfuil bunteocht 21 chéim *Celsius*. Úsáidfear foinsí rochtana oscailte chun na laethanta céime fuaraithe a chinneadh;

(o) *Tomhaltas iomlán fuinnimh in-athnuaite* ('$E_{RES\text{-}TOT}$', in kWh), déanfar é a chinneadh mar a shainítear le caighdeán CEN/Cenelec EN 50600-4-3 nó a choibhéis, agus úsáidfear an mhodheolaíocht sin. Is é $E_{RES\text{-}TOT}$ suim $E_{RES\text{-}GOO}$, $E_{RES\text{-}PPA}$ agus $E_{RES\text{-}OS}$, mar a shainítear thíos;

(p) *Tomhaltas iomlán fuinnimh in-athnuaite ó na Ráthaíochtaí Tionscnaimh* ('$E_{RES\text{-}GOO}$', in kWh), déanfar é a chinneadh mar shuim na Ráthaíochtaí Tionscnaimh arna gceannach agus arna scor ag an lárionad sonraí tuairiscithe. Tomhaisfidh an lárionad sonraí $E_{RES\text{-}PPA}$ a iontrálann teorainn an lárionaid sonraí, agus nach féidir a chomhaireamh le haghaidh níos mó ná lárionad sonraí amháin nó nach féidir a chruthú ó chomhaontuithe ceannaigh cumhachta nó foinsí fuinnimh in-athnuaite ar an láthair;

(q) *Tomhaltas iomlán fuinnimh in-athnuaite ó Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta* ('RES-PPA', in kWh), déanfar é a chinneadh mar an méid fuinnimh ó Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta arna ndéanamh ag an lárionad sonraí tuairiscithe. Tomhaisfidh an lárionad sonraí $E_{RES\text{-}PPA}$ a iontrálann teorainn an lárionaid sonraí, agus nach féidir a chomhaireamh le haghaidh níos mó ná lárionad sonraí amháin.

Ní mór aon Ráthaíocht Tionscnaimh a chruthaítear mar thoradh ar na Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta sin a bheith faoi úinéireacht an lárionaid sonraí tuairiscithe agus iad curtha ar scor aige chun go n-áireofar iad in $E_{RES\text{-}PPA}$. Seachas sin, déanfar an méid fuinnimh lena mbaineann a dhealú ón $E_{RES\text{-}PPA}$ arna thomhas;

(r) *Tomhaltas iomlán fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair* ('$E_{RES\text{-}OS}$', in kWh), déanfar é a thomhas mar an fuinneamh a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair laistigh de theorainn an lárionaid sonraí. Féach Figure 2.

Ní mór aon Ráthaíocht Tionscnaimh a chruthaítear de thoradh na bhfoinsí in-athnuaite ar an láthair sin a bheith faoi úinéireacht an lárionaid sonraí tuairiscithe agus iad curtha ar scor aige chun go n-áireofar iad in $E_{RES\text{-}OS}$. Ina mhalairt de chás, bainfear an méid fuinnimh atá i gceist ón $E_{RES\text{-}OS}$ arna thomhas.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/517/oj).

([2]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Heating_and_cooling_degree_days_-_statistics

([3]) Mar shampla, Stóras Sonraí Aeráide Copernicus: https://cds.climate.copernicus.eu/cdsapp#!/software/app-heating-cooling-degree-days?tab=app

2. **Táscairí acmhainneachta TFC**

Tomhaistear acmhainneacht TFC le haghaidh freastalaithe agus táirgí stórála sonraí mar fhreastalaithe agus sainmhínítear táirgí stórála sonraí i Rialachán (AE) 2019/424 ón gCoimisiún ([4]). Tuairisceofar táscairí acmhainneachta TFC le haghaidh an trealaimh faoi seach a bheidh suite ina ionad an 31 Nollaig den bhliain tuairiscithe.

(a) *Acmhainneacht TFC le haghaidh freastalaithe* ('C_{SERV}'), is í sin suim fheidhmíocht staide gníomhaí SERT nó a choibhéis i gcás na bhfreastalaithe go léir. Acmhainneacht TFC an fhreastalaí, is é sin rátáil na feidhmíochta staide gníomhaí mar a dhearbhaítear san fhaisnéis ón monaróir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/424. Déanfar luach na feidhmíochta staide gníomhaí don fhreastalaí cumraithe nó don ghrúpa freastalaithe i seomra ríomhaireachta lárionaid sonraí a idirshuí ó luach dearbhaithe na feidhmíochta staide gníomhaí le haghaidh cumraíocht a dhearbhaítear faoi Rialachán (AE) 2019/424, nó déanfaidh monaróir freastalaí é a chur ar fáil, nó cuirfear ar fáil é i dtábla luachanna le haghaidh uimhreacha páirte láraonaid próiseála (LAP) a chruthófar ó mhórthacar sonraí SERT, nó déanfar é a mheas ó mhórthacar sonraí de luachanna tomhaiste i gcás inarb ann do mhodh ríofa aitheanta. I gcás nach bhfuil aon mhodheolaíocht ríofa aitheanta ann, ansin is í feidhmíocht na cumraíochta dearbhaithe is gaire meaits don fhreastalaí cumraithe a úsáidfear. Nuair a dhéantar uasghrádú ar fhreastalaí, déanfar a acmhainneacht nua a athríomh má tá modheolaíocht aitheanta ann chun meastachán a dhéanamh ar fheidhmíocht staide gníomhaí SERT.

Tuairisceofar acmhainneacht TFC le haghaidh freastalaithe, ar a laghad, le haghaidh gach freastalaí nua a shuiteáiltear sa lárionad sonraí tuairiscithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo. Déanfaidh oibreoirí lárionaid sonraí an céatadán d'achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí a chumhdaítear leis an táscaire tuairiscithe a mheas agus a chur in iúl.

Féadfaidh oibreoirí lárionaid sonraí comhshuímh C_{SERV} a ríomh tríd an luach a chomhfhreagraíonn do 90 % ar a laghad d'éileamh cumhachta theicneolaíocht faisnéise shuiteáilte na bhfreastalaithe nua uile atá suiteáilte sa lárionad sonraí tuairiscithe, an luach sin a eachtarshuí, dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo.

(b) *Acmhainneacht TFC le haghaidh trealamh stórála* ('C_{STOR}', i bpeitibhearta), mar atá suim na hacmhainneachta aimhe (inrochtana) na bhfeistí stórála uile SSD agus HDD a shuiteáiltear sa trealamh stórála uile arna dhearbhú ag monaróir na feiste stórála.

Tuairisceofar acmhainneacht TFC le haghaidh trealamh stórála, ar a laghad, le haghaidh gach feiste nua a shuiteáiltear sa lárionad sonraí tuairiscithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo. Déanfaidh oibreoirí lárionaid sonraí an céatadán d'achar urláir sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí a chumhdaítear leis an táscaire tuairiscithe a mheas agus a chur in iúl.

Féadfaidh oibreoirí lárionaid sonraí comhshuímh C_{STOR} a ríomh tríd an luach a chomhfhreagraíonn do 90 % ar a laghad d'éileamh cumhachta theicneolaíocht faisnéise shuiteáilte an trealaimh stórála nua uile atá suiteáilte sa lárionad sonraí tuairiscithe, an luach sin a eachtarshuí, dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo.

3. **Táscairí tráchta sonraí**

Féadfaidh oibreoirí lárionaid sonraí faireachán agus tomhas na dtáscairí sin a bhunú ar aon fhoinse atá iontaofa go leor nó ar aon teaglaim d'fhoinsí sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí arna dtomhas go díreach ag an oibreoir, sonraí arna dtuairisciú ag custaiméirí lárionaid sonraí, nó sonraí arna soláthar ag oibreoirí teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse.

(a) *Bandaleithead tráchta isteach* ('B_{IN}', i ngigibhearta in aghaidh an tsoicind), déanfar é a thomhas mar an bandaleithead iomlán dá bhforáiltear le haghaidh trácht isteach i seomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, arna chomhiomlánú le haghaidh na hacmhainneachta nascachta uile, agus é meánaithe thar thréimhse na bliana;

([4]) Rialachán (AE) 2019/424 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le freastalaithe agus le táirgí stórála sonraí de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 617/2013 ón gCoimisiún (IO L 74, 18.3.2019, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/424/oj).

(b) *Bandaleithead tráchta amach* ('B_{OUT}', i ngigibhearta in aghaidh an tsoicind), déanfar é a thomhas mar an bandaleithead iomlán dá bhforáiltear le haghaidh trácht amach ó sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, arna chomhiomlánú le haghaidh na hacmhainneachta nascachta uile, agus é meánaithe thar thréimhse na bliana;

(c) *Trácht sonraí isteach* ('T_{IN}', in eicsibhearta), déanfar é a thomhas mar iomlán na sonraí isteach go dtí seomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, arna gcomhiomlánú le linn na bliana tuairiscithe, gan beann ar líon naisc an lárionaid sonraí;

(d) *Trácht sonraí amach* ('T_{OUT}', in eicsibhearta), déanfar é a thomhas mar iomlán na sonraí amach ó sheomra ríomhaireachta an lárionaid sonraí, arna gcomhiomlánú le linn na bliana tuairiscithe, gan beann ar líon naisc an lárionaid sonraí.

IARSCRÍBHINN III

TÁSCAIRÍ INBHUANAITHEACHTA LÁRIONAID SONRAÍ AGUS MODHEOLAÍOCHTAÍ RÍOFA

Ríomhfar táscairí inbhuanaitheachta an lárionaid sonraí seo a leanas bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na heochairtháscairí feidhmíochta a chuirtear in iúl don bhunachar sonraí Eorpach maidir le lárionaid sonraí i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus II:

(a) Éifeachtacht na hÚsáide Cumhachta (PUE)

Úsáidfear E_{DC} agus E_{IT}, mar a shainmhínítear iad araon in Iarscríbhinn II, chun PUE lárionaid sonraí a ríomh:

$PUE = E_{DC}/E_{IT}$;

(b) Éifeachtacht na hÚsáide Uisce (WUE)

Úsáidfear W_{IN}, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III agus EIT, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II ach mar a shloinntear in MWh, chun WUE lárionaid sonraí a ríomh:

$WUE = W_{IN}/E_{IT}$;

(c) Fachtóir Athúsáide Fuinnimh

Úsáidfear E_{REUSE} agus E_{DC}, mar a shainmhínítear iad araon in Iarscríbhinn II, chun ERF lárionaid sonraí a ríomh:

$ERF = E_{REUSE}/E_{DC}$;

(d) Toisc Fuinnimh In-athnuaite (REF)

Úsáidfear $E_{RES\text{-}TOT}$ agus E_{DC}, mar a shainmhínítear iad araon in Iarscríbhinn II, chun REF lárionaid sonraí a ríomh:

$REF = E_{RES\text{-}TOT}/E_{DC}$.

IARSCRÍBHINN IV

FAISNÉIS ATÁ AR FÁIL GO POIBLÍ SA BHUNACHAR SONRAÍ EORPACH MAIDIR LE LÁRIONAID SONRAÍ

De bhun Airteagal 12 de Threoir (AE) 2023/1791, beidh an bunachar sonraí Eorpach ar fáil go poiblí ar leibhéal comhiomlánaithe.

Beidh sonraí ar fáil ar dhá leibhéal comhiomlánaithe, mar atá leibhéal na mBallstát agus leibhéal an Aontais.

Beidh catagóirí méide na lárionad sonraí bunaithe ar chumhacht shuiteáilte teicneolaíochta faisnéise an lárionaid sonraí mar a leanas:

(a) lárionad sonraí an-bheag: 100–500 kW;

(b) lárionad sonraí beag: 500–1 000 kW;

(c) lárionad sonraí meánmhéide: 1–2 MW;

(d) lárionad sonraí mór: 2–10 MW;

(e) lárionad sonraí an-mhór: > 10 MW.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí:

(a) ar leibhéal an Bhallstáit

(i) líon na lárionad sonraí tuairiscithe;

(ii) dáileadh na lárionad sonraí tuairiscithe de réir catagóirí méide;

(iii) éileamh cumhachta iomlán na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil (PD_{IT}) de na lárionaid sonraí tuairiscithe uile;

(iv) tomhaltas iomlán fuinnimh (E_{DC}) na lárionad sonraí tuairiscithe uile;

(v) tomhaltas uisce iomlán (W_{IN}) na lárionad sonraí tuairiscithe uile;

(vi) meán PUE le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Bhallstáit, meán PUE de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán PUE de réir na catagóire méide;

(vii) meán WUE le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Bhallstáit, meán WUE de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán WUE de réir na catagóire méide;

(viii) meán ERF le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Bhallstáit, meán ERF de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán ERF de réir na catagóire méide;

(ix) meán REF le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Bhallstáit, meán REF de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán REF de réir na catagóire méide.

I gcás phointí (vi)–(ix), déanfar comhiomlánú na dtáscairí inbhuanaitheachta le comhiomlánú méadrach ualaithe, agus an tomhaltas iomlán fuinnimh á úsáid mar thoisc ualúcháin.

I gcás phointí (vi)–(ix), ní fhéadfar sonraí comhiomlánaithe a chur i láthair de réir chineál an lárionaid sonraí agus de réir na catagóire méide ach amháin má tá sonraí ó thrí lárionad sonraí ar a laghad sa chatagóir lena mbaineann;

(b) ar leibhéal an Aontais

(i) líon na lárionad sonraí tuairiscithe;

(ii) dáileadh na lárionad sonraí tuairiscithe de réir catagóirí méide;

(iii) éileamh cumhachta iomlán na teicneolaíochta faisnéise arna suiteáil (PD_{IT}) de na lárionaid sonraí tuairiscithe uile;

(iv) tomhaltas iomlán fuinnimh (E_{DC}) na lárionad sonraí tuairiscithe uile;

(v) ídiú iomlán uisce (W_{IN}) na lárionad sonraí tuairiscithe uile;

(vi) meán PUE le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Aontais, meán PUE de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán PUE de réir na catagóire méide;

(vii) meán WUE le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Aontais, meán WUE de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán WUE de réir na catagóire méide;

(viii) meán ERF le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Aontais, meán ERF de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán ERF de réir na catagóire méide;

(ix) meán REF le haghaidh na lárionad sonraí tuairiscithe uile i gcríoch an Aontais, meán REF de réir chineál an lárionaid sonraí, agus meán REF de réir na catagóire méide.

I gcás phointí (vi)–(ix), déanfar comhiomlánú na dtáscairí inbhuanaitheachta le comhiomlánú méadrach ualaithe, agus an tomhaltas iomlán fuinnimh á úsáid mar thoisc ualúcháin.